Cuntas Leithreasa 2020

# Vóta 33

# Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

# Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 33, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, d'ullmhaigh mé an cuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020 ar thuarastail agus costais Oifig an Aire Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, ar fhóirdheontais agus deontais áirithe a íoc agus ar dheontais áirithe a íoc.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna:

(a) arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2020, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain, agus

(b) arna soláthar ar mhaithe le seirbhísí caipitil a sholáthar in 2020, as leithreasaí neamhchaite 2019, faoi na socruithe a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais 2004 maidir le géilleadh iarchurtha.

Dlitear farasbarr €32.912 milliún a ghéilleadh don Státchiste.

Is cuid den chuntas iad an Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta agus nótaí a haon go dtí a seacht.

***Aistriú feidhmeanna***

Cuireadh aistriú na feidhme Oidhreachta agus Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2020, faoin Ordú um Oidhreacht (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 339/220) agus faoin Ordú um Uiscebhealaí Intíre agus Uiscebhealaí Éireann (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 340/2020). Cuireadh aistriú na feidhme oileán chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail i bhfeidhm ón 23 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um na hOileáin (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 379/2020).

Cuireadh aistriú na feidhme turasóireachta agus spóirt ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, mar a bhí, i bhfeidhm ón 16 Meán Fómhair 2020, faoin Ordú um an Turasóireacht agus an Spórt (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 356/2020). Cuireadh aistriú na feidhme craolacháin ón Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil, mar a bhí, i bhfeidhm ón 23 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um Chraolachán (Riarachán Roinne agus Feidhmeanna Aire a Aistriú), 2020 (I.R. Uimh. 372/220).

Nuair a achtófar agus a thosófar an Bille um Pleanáil agus Forbairt, Oidhreacht agus Craolachán (Leasú) 2021, aistreofar fuílleach na gcumhachtaí agus na bhfeidhmeanna oidhreachta, lena n-áirítear feidhmeanna áirithe maidir le trácht a dhéanamh ar iarratais phleanála agus dréachtphleananna forbartha ó thaobh na hoidhreachta de chuig an Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta trí ordú um aistriú feidhmeanna, agus aistreofar na feidhmeanna meán atá fágtha ón Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide chuig an Roinn seo.

Athainmníodh an Roinn mar an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán an 30 Meán Fómhair 2020 faoin Ordú um Chultúr, Oidhreacht agus Gaeltacht (Ainm na Roinne agus Teideal an Aire a Athrú), 2020 (I.R. Uimh. 403/2020). Ullmhaíodh an cuntas seo de réir Mheastacháin Deiridh Athbhreithnithe 2020 le haghaidh Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus de réir treoracha ó Chuntasaíocht an Rialtais maidir leis na socruithe cuntasaíochta a bhaineann le caiteachas ar fheidhmeanna a aistrítear ó Roinn amháin go Roinn eile trí ordú um aistriú feidhmeanna.

## Ráiteas faoi Pholasaithe agus faoi Phrionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i gciorclán 22 de 2020, chun feidhme agus an cuntas á ullmhú seachas i gcás an mhéid seo a leanas.

***Sócmhainní oidhreachta***

Níl aon luacháil déanta ar shócmhainní oidhreachta áirithe, lena n-áirítear déantúsáin agus lámhscríbhinní.

***Dímheas***

Ní dhéantar talamh a dhímheas. Déantar foirgnimh a dhímheas ag 2% sa bhliain ar bhonn líne dírí. Déantar Innealra agus gléasra, trealamh oifige agus TF agus troscán agus feistis a dhímheas ar bhonn líne dírí thar thréimhse mheasta a saolré ionchais, de réir na rátaí bliantúla seo a leanas.

- innealra agus gléasra; troscán agus feistis – 10%
- trealamh oifige agus TF— 20%

***Luacháil ar shócmhainní caipitil***

Mar a fhoráiltear dó i gciorclán 21 de 2020, tá tairseach €1,000 curtha i bhfeidhm ag an Roinn maidir le caipitliú a sócmhainní caipitil.

## Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm as a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a choimeád agus a fheidhmiú.

Feidhmítear an fhreagracht sin i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus i gcomhthéacs na ndualgas eile atá orm mar Ard-Rúnaí. Ina theannta sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach dearbhú réasúnach agus ní dearbhú iomlán a sholáthar go gcosnaítear na sócmhainní, go ndéantar na hidirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart agus go gcuirtear cosc ar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialaithe inmheánaigh airgeadais a choinneáil agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí comhroinnte***

Chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Roinn seo agus an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais sa Roinn Dlí agus Cirt.

Braithim ar litir dearbhaithe ón Oifigeach Cuntasaíochta don Vóta Dlí agus Cirt agus ón Oifigeach Cuntasaíochta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte á rá go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le seirbhísí comhroinnte a sholáthar don Roinn seo.

Is mar seo a leanas an staid maidir leis an timpeallacht rialaithe airgeadais, an creat nósanna imeachta riaracháin, tuairisciú bainistíochta agus iniúchóireacht inmheánach.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar an leibhéal bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.

- Bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal ar ar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomhaíocht cheartaitheach chuí a áirithiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a thabhairt dom le linn dom mo chuid freagrachtaí a chomhlíonadh as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Rinneadh doiciméadú ar na nósanna imeachta le haghaidh gach príomhphróisis gnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chumhdach.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm chomh maith le tuairisciú rialta bainistíochta, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta agus, go háirithe,

- go bhfuil córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a gcoimeádann an lucht ardbhainistíochta é faoi athbhreithniú
- go ndéanann an lucht ardbhainistíochta athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Roinn
- go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC
- go bhfuil treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

***Iniúchóireacht Inmheánach agus Coiste Iniúchóireachta***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an Roinn a bhfuil pearsanra atá oilte go cuí inti, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá faofa agam féin agus ag an gCoiste Iniúchóireachta. Tá obair na feidhme iniúchóireachta inmheánaí bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, atá faofa agam féin, bunaithe ar an anailís sin. Tá sé mar aidhm ag na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnach. Déanaimse agus déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí ar bhonn tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ndéantar gníomhaíocht leantach de bhun thuarascálacha na feidhme iniúchóireachta inmheánaí.

***Neamhchomhlíonadh na rialacha soláthair***

Cinntíonn an Roinn go leagtar béim chuí ar an dea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir.

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte seo in 2020 ach amháin i gcás sé chonradh a raibh luach €578,081 acu. Bhain cúig cinn de na conarthaí sin le seirbhísí glantacháin agus fóntais eile ar cuireadh síneadh leo thar a dtréimhse chonartha bhunaidh agus lena bhfuiltear ag súil iad uile a thabhairt chun rialtachta go luath. Bhain an séú conradh le seirbhísí ginealais sa Chartlann Náisiúnta. Cuireadh an conradh amach ar tairiscint arís anois.

Tá na conarthaí seo ar áireamh le liosta de naoi gconradh a bhfuil luach foriomlán €751,185 acu a bronnadh gan próiseas iomaíoch a leanúint in 2020 agus a cuireadh ar áireamh i dtuairisceán 40/2002, toisc gur sháraigh siad an tairseach tuairiscithe €25,000. Meastar go gcomhlíonann na trí chonradh atá fágtha dar luach €173,104 na treoirlínte toisc go dtagann an t-údar leis na conarthaí sin a bhronnadh faoi chuimsiú na n-eisceachtaí a bhaineann le próiseas iomaíoch a cheadaítear faoin reachtaíocht náisiúnta agus faoi reachtaíocht AE.

Sholáthair an Roinn sonraí faoi chonarthaí neamhiomaíocha sa tuairisceán bliantúil i dtaca le Ciorclán 40/2002 don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus don Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an Roinn lena ndéantar sainaithint agus tuairisciú ar na príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá á ndéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin agus, a mhéid agus is féidir, chun iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm lena sainaithnítear na príomhrioscaí atá os comhair na Roinne agus rinneadh iad a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Bainistíochta an clár a athbhreithniú agus a athrú chun dáta ar bhonn ráithiúil. Úsáidtear toradh na measúnuithe sin chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú ar leibhéal inghlactha.

Ar an gclár rioscaí, tugtar cur síos ar na rialuithe agus na gníomhartha atá riachtanach chun rioscaí a mhaolú agus sanntar freagrachtaí as rialuithe do bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don lucht bainistíochta agus don Bhord Bainistíochta, nuair is ábhartha, ar bhealach tráthúil. Deimhním gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus gur cuireadh próisis i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus chun aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtacht***

Deimhním go bhfuil nósanna imeachta ag an Roinn chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na ndaoine den lucht bainistíochta laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

***Paindéim Covid-19***

Tháinig roinnt athruithe ar an timpeallacht oibre agus rialaithe mar gheall ar thús phaindéim Covid-19 go luath in 2020 agus is ó chian agus go fíorúil a dhéantar an obair de ghnáth anois sa Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán. Mar thoradh ar an bpaindéim, chuir an Roinn roinnt athruithe rialaithe agus athruithe nós imeachta i bhfeidhm. Faoi chreat riosca agus rialaithe na Roinne, cuireadh clár rioscaí sa bhreis atá sonrach do Covid-19 i bhfeidhm chun príomhrioscaí na Roinne a shainaithint mar thoradh ar Covid-19. Rinneadh na rioscaí sin a shainaithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta agus déantar cur síos sa chlár riosca seo ar na rialuithe agus na gníomhartha atá ag teastáil chun rioscaí a laghdú agus sanntar leis an fhreagracht as rialuithe a oibriú do bhaill foirne faoi leith. Déanann an Bord Bainistíochta (BB) an clár a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta go ráithiúil. Deimhním gurb éifeachtach fós atá na rialuithe a bhí ann agus na cinn a cuireadh i bhfeidhm mar gheall ar Covid-19.

***Saincheisteanna rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí eile i rialú inmheánach airgeadais maidir leis an mbliain 2020 as ar eascair caillteanas ábhartha nó as a bhféadfadh caillteanas ábhartha eascairt.

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus na Meán

29 Márta 2021

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

### Tuairim ar an gcuntas leithreasa

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithreasa do Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993.

I mo thuairimse,

- léirítear go cuí sa chuntas leithreasa na fáltais agus an caiteachas a bhain le Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2020, agus
- ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

#### *Bonn faoin tuairim*

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta maidir le hIniúchóireacht arna fhógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm faoi na caighdeáin sin san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa.* Níl baint ná páirt agam le Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin agus tá na freagrachtaí eitice eile atá orm de réir na gcaighdeán comhlíonta agam.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta a fuair mé le bonn a chur faoi mo thuairim.

### Tuairisc ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm le tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta san *Réamhrá leis na Cuntais Leithreasa*.

#### *Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Tarraingím aird ar an ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais, áit a nochtar gur thabhaigh an Roinn caiteachas suntasach in 2020 i dtaca le hearraí agus seirbhísí nach raibh na socruithe soláthair ina leith ag comhlíonadh treoirlínte soláthair. Tá breac-chuntas sa ráiteas freisin ar na bearta a rinne an Roinn chun an t-ábhar a réiteach.

#### *Maoirseacht a dhéanamh ar mhaoiniú do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020*

I gCaibidil 7 den tuarascáil uaim maidir le cuntais na seirbhísí poiblí do 2020, scrúdaítear an dóigh a ndearna an Roinn formhaoirseacht ar an maoiniú a soláthraíodh do Phríomhchathair Chultúir na hEorpa 2020.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2021

# Vóta 33 Turasóireacht, Cultúr, Ealaíona, Gaeltacht, Spórt agus Meáin

## Cuntas Leithreasa 2020

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin[a] | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas an chláir** | | | | | |
| A | Seirbhísí Turasóireachta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 184,393 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 5,961 | | | |
| | | | 190,354 | 189,626 | — |
| B | Ealaíona agus Cultúr | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 251,043 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | | 254,043 | 242,030 | 183,470 |
| C | Gaeltacht [b] | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 71,909 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 435 | | | |
| | | | 72,344 | 66,217 | 68,194 |
| D | D Spórt agus Seirbhísí Fóillíochta | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 217,055 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 23,400 | | | |
| | | | 240,455 | 203,163 | — |
| E | Craolachán | | 278,505 | 271,027 | — |
| — | *Oidhreacht* | | — | — | 55,413 |
| — | *Comhoibriú Thuaidh-Theas* [b] | | — | — | 28,266 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 1,002,905 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* [c] | 32,796 | | | |
| | | | **1,035,701** | **972,063** | **335,343** |
| | *Lúide* | | | | |
| F | **Leithreasaí-i-gCabhair** | | **248,296** | **234,462** | **5,046** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 754,609 | | | |
| | *Géilleadh Iarchurtha* | 32,796 | | | |
| | | | **787,405** | **737,601** | **330,297** |

Nóta [a] Léiríonn na figiúirí soláthair meastacháin thuas an soláthar meastacháin do 2020 mar a taifeadadh i meastacháin athbhreithnithe do sheirbhísí poiblí 2021. Rinne na meastacháin athbhreithnithe breise do sheirbhísí poiblí 2020 soláthar chun suim €88,000 a thabhairt ar aghaidh i gcaipiteal ón Roinn Iompair chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

[b] Tá caiteachas €12.833 milliún a tabhaíodh faoin gclár comhoibrithe Thuaidh-Theas in 2019 ar áireamh i bhfigiúr comparáideach 2019 a thaispeántar thuas do Chlár C - Gaeltacht.

[c] Aistríodh géilleadh iarchurtha €29.361 milliún an 31 Nollaig 2019 ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chuig an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán mar chuid d'aistriú na bhfeidhmeanna turasóireachta agus spóirt a tháinig chun cinn in 2020.

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh os cionn na glansuime a feidhmíodh dlite lena ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, is féidir iomlán nó cuid d'aon leithreasaí neamhchaite do sheirbhísí soláthair chaipitil a thabhairt anonn lena gcaitheamh sa bhliain ina dhiaidh sin. Tugadh €1 mhilliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann A.6, €6.037 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann B.7, €2.225 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann C.8 agus €7.63 milliún de leithdháiltí neamhchaite i ndáil le heilimintí caipitil faoi fho-mhírcheann D.3 ar aghaidh go dtí 2021.

| | **2020** | **2019** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Farasbarr | 49,804,346 | 5,597,433 |
| Géilleadh iarchurtha | (16,892,000) | (3,435,000) |
| **Farasbarr le géilleadh** | **32,912,346** | **2,162,433** |

**Katherine Licken**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

29 Márta 2021

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2020

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an cháir | | 950,779 | 295,326 |
| Pá | | 17,679 | 34,436 |
| Neamhphá | | 3,605 | 5,581 |
| **Ollchaiteachas** | | **972,063** | **335,343** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **234,462** | **5,046** |
| **Glanchaiteachas** | | **737,601** | **330,297** |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| Ceannacháin airgid thirim | (1,925) | | |
| Dímheas | 1,536 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | (387) | (3,631) |
| **Athruithe ar ghlanshócmhainní reatha** | | | |
| Laghdú ar fhabhruithe deiridh | (536) | | |
| Laghdú ar stoc | 299 | (237) | (782) |
| **Caiteachas díreach** | | **736,977** | **325,884** |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 16,649 | 16,359 |
| Measchíosanna | | 1,193 | 1,193 |
| **Glanchostas an chláir** | | **754,819** | **343,436** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na suimeanna seo a leanas maidir le Vóta 33 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 45 | 45 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | 10,424 | 10,452 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 5,335 | 5,163 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 79 | 66 |
| Vóta 24 | Dlí agus Ceart - an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | 507 | 497 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais | 92 | — |
| An Príomh-Chiste – pinsin na n-airí | | 167 | 136 |
| | | **16,649** | **16,359** |

## Nóta 2 Ráiteas faoin Staid Airgeadais ag an 31 Nollaig 2020

| | Nóta | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | 2.1 | 10,147 | 64,135 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.2 | 20,342 | 12,197 |
| Stoic | 2.3 | 62 | 361 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.4 | 3,539 | 2,386 |
| Ioncam fabhraithe | | — | 68 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.5 | 642 | 2,546 |
| **Iomlán na sócmhainní reatha** | | **24,585** | **17,558** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | | 1,392 | 843 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.6 | 939 | 9,680 |
| Glanmhaoiniú Státchiste | 2.7 | 20,045 | 5,063 |
| **Iomlán na ndliteanas reatha** | | **22,376** | **15,586** |
| **Glan-sócmhainní reatha** | | 2,209 | 1,972 |
| **Glan-sócmhainní** | | **12,356** | **66,107** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.8 | **12,356** | **66,107** |

## 2.1 Sócmhainní caipitil

| | Talamh agus foirgnimh | Fearas agus Innealra | Trealamh oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | | | |
| Costas nó luacháil ag an 1 Eanáir 2020 | 61,335 | 8,280 | 11,052 | 4,348 | 85,015 |
| Breiseanna | 128 | 816 | 952 | 29 | 1,925 |
| A aistríodh chuig Vóta 42 | (11,597) | — | — | — | (11,597) |
| A aistríodh chuig Vóta 34 [a] | (40,202) | (9,047) | (3,185) | (2,300) | (54,734) |
| Diúscairtí | — | (49) | — | (3) | (52) |
| Costas nó Luacháil ag an 31 Nollaig 2020 | 9,664 | — | 8,819 | 2,074 | 20,557 |
| **Dímheas carntha** | | | | | |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir 2020 | 2,305 | 6,443 | 9,359 | 2,773 | 20,880 |
| Dímheas don bhliain | 397 | 487 | 605 | 47 | 1,536 |
| Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 42 | (1,289) | — | — | — | (1,289) |
| Dímheas ar aistrithe chuig Vóta 34 | (47) | (6,883) | (2,769) | (968) | (10,667) |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (47) | — | (3) | (50) |
| Dímheas carnach ag an 31 Nollaig 2020 | 1,366 | — | 7,195 | 1,849 | 10,410 |
| **Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2020** | **8,298** | **—** | **1,624** | **225** | **10,147** |
| Glansócmhainní ag an 31 Nollaig 2019 | 59,030 | 1,837 | 1,693 | 1,575 | 64,135 |

Nóta [a] Tháinig aistriú na feidhme oidhreachta chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil i bhfeidhm ón 9 Meán Fómhair 2020. Aistríodh freagracht as na sócmhainní gaolmhara ar an dáta sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil agus aistríodh na sócmhainní sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in 2020. Faoi shocrú riaracháin, lean an Roinn ag soláthar seirbhísí TFC don Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil le linn 2021 agus choinnigh sí sócmhainní TFC oidhreachta ar a clár sócmhainní ag an 31 Nollaig 2020. Tá aistriú na seirbhísí TFC críochnaithe anois agus aistríodh na sócmhainní sin chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil in 2021.

## 2.2 Banc agus airgead tirim

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna ag an bPámháistir Ginearálta agus airgead tirim | 20,121 | 12,144 |
| Iarmhéid mionairgid | 2 | 19 |
| Iarmhéid an chuntais bainc tráchtála [a] | 219 | 34 |
| | **20,342** | **12,197** |

Nóta [a] Áirítear in iarmhéid an chuntais bainc tráchtála in 2020 €153,641 (2019: €2,083) i ndáil le cuntas bainc tráchtála arna fheidhmiú ag an Roinn Dlí agus Cirt – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

## 2.3 Stoic

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Bunábhar tógála agus fearais bheaga | — | 116 |
| Breoslaí agus leasacháin | — | 27 |
| Stáiseanóireacht[a] | 6 | 16 |
| Ábhair inchaite trealaimh | 4 | 6 |
| Soláthairtí feighlithe agus garchabhair | 1 | 18 |
| Ábhair inchaite TF[a] | 51 | 51 |
| Ilghnéitheach | — | 57 |
| Beostoc | — | 70 |
| | **62** | **361** |

Nóta [a] Mar gheall ar shrianta a bhain le paindéim Covid-19, níorbh fhéidir an stoc ábhar inchaite TF ná stoic stáiseanóireachta a áireamh in aon áit amháin ag an 31 Nollaig 2020. Measadh gur garmheastachán réasúnacha iad na figiúirí stocáirimh ag an láthair sin ag an 31 Nollaig 2019 de leibhéil stoic ag an 31 Nollaig 2020.

## 2.4 Réamhíocaíochtaí

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 203 | 149 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 780 | 750 |
| Cathair Chultúir na hEorpa | 1,500 | 460 |
| Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | 453 | 112 |
| An Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030 | 329 | 540 |
| Cuntais dhíomhaoine | 109 | — |
| Ilghnéitheach | 165 | 375 |
| | **3,539** | **2,386** |

## 2.5 Iarmhéideanna dochair eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ciste Comhshaoil[a] | — | 1,131 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí | 75 | 47 |
| Paypath | 461 | 107 |
| Míreanna dochair eile ar fionraí [b] | 106 | 1,261 |
| | **642** | **2,546** |

Nóta [a] Aistríodh an tsuim a bhí dlite ón gCiste Comhshaoil ag an 31 Nollaig 2019 chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar chuid d'aistriú na feidhme oidhreachta chuig an Roinn sin.

[b] Aistríodh roinnt de na hiarmhéideanna dochair eile a bhí dlite don Roinn ag an 31 Nollaig 2019 chuig an Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil mar chuid d'aistriú na feidhme oidhreachta.

## 2.6 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 300 | 480 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 158 | 304 |
| Cáin shiarchoinneálach ar sheirbhísí gairmiúla | 14 | 184 |
| Cáin chonarthaí iomchuí | — | 8 |
| Cáin bhreisluacha | 8 | 135 |
| Asbhaintí pinsin | — | 8 |
| | 480 | 1,119 |
| | | |
| Ciste Tiomnachta Crowley (Nóta 7.2) | 148 | 156 |
| Kerry LIFE[a] | — | 685 |
| An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Tuaithe[a] | — | 2,500 |
| LIFE Dúlra an Atlantaigh Fhiáin[a] | — | 2,475 |
| Tionscadal LIFE Crex an Atlantaigh[a] | — | 1,289 |
| Tionscadal LIFE na bPortach Ardaithe[a] | — | 1,243 |
| Eile | 311 | 213 |
| | **939** | **9,680** |

Nóta [a] Aistríodh an fhreagracht as na tionscadail seo agus as bainistíocht na gcuntas fionraí seo chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta le linn 2020.

## 2.7 Glanmhaoiniú Státchiste

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Farasbarr | 32,912 | 2,162 |
| Géilleadh Iarchurtha | 16,892 | 3,435 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (29,759) | (534) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **20,045** | **5,063** |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 20,342 | 12,197 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraí | 642 | 2,546 |
| | 20,984 | 14,743 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (480) | (1,119) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (459) | (8,561) |
| | (939) | (9,680) |
| | **20,045** | **5,063** |

## 2.8 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | | | 66,107 | 61,693 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 787,405 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (16,892) | | |
| Farasbarr | Cuntas | (32,912) | | |
| Glanvóta | | | 737,601 | 330,298 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 16,649 | 16,359 |
| Caiteachas neamhairgid - aistriú sócmhainní seasta | 2.1 | | (54,375) | — |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 1,193 | 1,193 |
| Glanchostas an chláir | 1 | | (754,819) | (343,436) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | | | **12,356** | **66,107** |

## 2.9 Ceangaltais

**a) Ceangaltais dhomhanda**

| ag an 31 Nollaig | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Earraí agus seirbhísí a fháil [a] | 33,792 | 793 |
| Cláir dheontais neamhchaipitil (b) | 23,911 | 36,958 |
| Cláir dheontais chaipitil (c) | 107,154 | 41,132 |
| Tionscadail chaipitil | 12,315 | 8,145 |
| **Iomlán na gceangaltas is in-fhorfheidmithe le dlí** | **177,172** | **87,028** |

| b) Cláir dheontais neamhchaipitil [a] | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 36,958 | 37,541 |
| A aistríodh amach | (16,652) | — |
| A aistríodh isteach | 8,500 | — |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (30,150) | (33,897) |
| Ceangaltais deontais nua | 26,353 | 34,362 |
| Deontais a cealaíodh | (1,098) | (1,048) |
| **Iarmhéid deiridh** | **23,911** | **36,958** |

| c) Cláir dheontais chaipitil | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh | 41,132 | 52,564 |
| Aistrithe amach | (21,406) | — |
| Aistrithe isteach | 126,368 | — |
| Deontais a íocadh sa bhliain | (41,237) | (16,780) |
| Ceangaltais deontais nua | 9,692 | 5,661 |
| Deontais ar ceal | (7,395) | (313) |
| **Iarmhéid deiridh** | **107,154** | **41,132** |

Nóta [a] Áirítear leis an soláthar earraí agus seirbhísí ceangaltais dar luach €33.579 milliún ag deireadh na bliana i ndáil le tacaí ón Rialtas i gcomhair Corn Ryder 2027 a óstáil in Éirinn. Áirítear le ceangaltais i ndáil le cláir dheontais neamhchaipitil ag deireadh na bliana tacaí dar luach €8.5 milliún ón Rialtas i gcomhair Corn Ryder 2027 a óstáil in Éirinn.

## 2.10 Dliteantais aibithe

| ag an 31 Nollaig | **2020**<br>**€000** | **2019**<br>**€000** |
|---|---|---|
| Meastachán ar dhliteanais aibithe nach raibh urscaoilte ag deireadh na bliana | **7** | **4** |

## 2.11 Dliteanais theagmhasacha

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ag an Roinn ag an 31 Nollaig 2020. Bhí baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlí a bhí ar feitheamh ag an 31 Nollaig 2019. Aistríodh freagracht as na cásanna sin chuig an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta agus chuig an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar chuid den aistriú feidhmeanna in 2020.

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

Leithroinneadh caiteachas riaracháin thar na cláir, chun costais chláir iomlána a léiriú.

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 18,830 | 17,679 | 34,436 |
| ii | Taisteal agus cothú | 755 | 155 | 1,239 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha | 1,194 | 401 | 969 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 443 | 348 | 446 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí TF seachtracha | 2,345 | 2,143 | 2,096 |
| vi | Costais áitribh oifige | 472 | 362 | 831 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe | 340 | 196 | — |
| | | **24,379** | **21,284** | **40,017** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa nóta seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas riaracháin (+/- 25% agus €100,000).

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar meastacháin €755,000; toradh €155,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar leibhéil laghdaithe taistil i ngach réimse den Roinn mar gheall ar phaindéim Covid-19.

**iii Oiliúint agus forbairt agus speansais theagmhasacha**

*Soláthar meastacháin €1.194 milliún; toradh €401,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar gheall ar ghníomhaíochtaí pleanáilte faoin bhfo-mhírcheann seo a chur ar ceal mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

**vii Seirbhísí comhairleoireachta agus athbhreithnithe ar luach ar airgead agus ar pholasaithe**

*Soláthar meastacháin €340,000; toradh €196,000*

Sábháladh an t-airgead seo mar thoradh ar pholasaí chun a laghad airgid agus is féidir a chaitheamh mar gheall ar bhrú buiséid a bhí ann agus mar thoradh ar phaindéim Covid-19.

## Clár A Seirbhísí Turasóireachta

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | 1,417 | 1,713 | — |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | 381 | 357 | — |
| A.3 | Fáilte Éireann | | 81,533 | 81,533 | — |
| A.4 | Turasóireacht Éireann Teoranta | | 16,239 | 16,239 | — |
| A.5 | Ciste Margaíochta na Turasóireachta | | 46,823 | 46,823 | — |
| A.6 | Forbairt an táirge turasóireachta | | | | — |
| | *Soláthar meastacháin* | 38,000 | | | — |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,961 | 43,961 | 42,961 | — |
| | | | | | — |
| | | | **190,354** | **189,626** | **—** |

## Clár B Ealaíona agus Cultúr

| | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán - pá | | 9,632 | 7,747 | 6,894 |
| B.2 | Riarachán - neamhphá | | 2,489 | 1,391 | 1,605 |
| B.3 | Íocaíochtaí chun acmhainní a chruthaíonn an Chartlann Náisiúnta a mheaitseáil | | 40 | 25 | 40 |
| B.4 | Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta. | | 1,666 | 938 | 1,138 |
| B.5 | Costais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Ceoláras Náisiúnta agus Gailearaí Ealaíne Crawford (Nóta 7.1) | | 14,412 | 13,912 | 13,373 |
| B.6 | Músaeim, gailearaithe, ionaid chultúrtha agus tionscadail réigiúnacha | | 21,705 | 20,862 | 12,455 |
| B.7 | Bonneagar agus forbairt cultúir | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 25,500 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | 28,500 | 22,458 | 8,400 |
| B.8 | Cultúr Éireann | | 4,600 | 4,368 | 4,942 |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | 105,002 | 105,002 | 75,002 |
| B.10 | Costais ghinearálta Ard-Mhúsaem na hÉireann | | 14,259 | 14,259 | 14,109 |
| B.11 | Costais ghinearálta Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | | 7,915 | 7,915 | 7,825 |
| B.12 | Fís Éireann | | 24,066 | 24,066 | 20,040 |
| B.13 | Costais ghinearálta Ghailearaí Náisiúnta na hÉireann | | 10,657 | 10,657 | 10,547 |
| B.14 | Cathair Chultúir na hEorpa | | 7,100 | 7,100 | 6,000 |
| B.15 | Deich mBliana na gCuimhneachán 1912–1922 | | 2,000 | 1,330 | 1,100 |
| | | | **254,043** | **242,030** | **183,470** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár B €12.013 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €2.983 milliún den chaiteachas sin le caiteachas riaracháin, rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €9.03 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha:

**B.4 Costais ghinearálta na Cartlainne Náisiúnta agus Chomhairle Chomhairleach na Cartlainne Náisiúnta.**

*Soláthar meastacháin €1.666 milliún; toradh €938,000*

Sábháladh €728,000, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 go príomha ar an gcaiteachas a rabhthas ag súil leis.

**B.7 Bonneagar agus forbairt cultúir**

*Soláthar meastacháin €28.5 milliún; toradh €22.458 milliún*

Sábháladh €6.042 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar roinnt tionscadal mórscála thar roinnt scéimeanna nár forbraíodh laistigh dár n-achar ama mar gheall ar fhadhbanna éagsúla, fadhbanna a bhain le Covid-19 san áireamh.

**B.8 Cultúr Éireann**

*Soláthar meastacháin €4.6 milliún; toradh €4.368 milliún*

Sábháladh airgead toisc gur cuireadh roinnt imeachtaí idirnáisiúnta beartaithe ar ceal nó siar mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**B.15 Deich mBliana na gCuimhneachán 1912–1922**

*Soláthar meastacháin €2 mhilliún; toradh €1.33 milliún*

Sábháladh airgead mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19 ar bhailiúcháin phoiblí go príomha, rud a chuir bac ar an scóip chun a lán imeachtaí beartaithe 'i bpearsa' a chur ar siúl in 2020 faoi Chlár Dheich mBliana na gCuimhneachán 2012-2023.

## Clár C An Ghaeltacht

| | | 2020 | | | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán - pá | | 4,913 | 4,336 | 3,484 |
| C.2 | Riarachán - neamhphá | | 1,742 | 1,047 | 1,191 |
| C.3 | Scéimeanna tacaíochta Gaeltachta | | 9,692 | 9,740 | 8,547 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | |
| | *Soláthar meastacháin* | 5,782 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 435 | 6,217 | 6,492 | 5,148 |
| C.5 | An Coimisinéir Teanga | | 845 | 821 | 808 |
| C.6 | Údarás na Gaeltachta – riarachán | | 9,602 | 10,852 | 9,442 |
| C.7 | Údarás na Gaeltachta – caiteachas an chláir reatha | | 4,250 | 4,250 | 3,850 |
| C.8 | Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh | | 18,000 | 13,275 | 9,700 |
| C.9 | An Foras Teanga [a] | | 13,383 | 12,585 | 12,833 |
| C.10 | An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010 - 2030 | | 3,700 | 2,819 | 2,625 |
| — | *Na hOileáin* | | — | — | 10,566 |
| | | | **72,344** | **66,217** | **68,194** |

Nóta [a] Tabhaíodh caiteachas comparáideach 2019 faoi fho-mhírcheann D.3 An Foras Teanga i gcuntas leithreasa 2019.

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár C €6.127 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhain €1.272 milliún den chaiteachas seo le caiteachas riaracháin agus rinneadh míniú air cheana féin, agus tharla iarmhéid na difríochta €4.855 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas go príomha.

**C.6 Údarás na Gaeltachta – riarachán**

*Soláthar meastacháin €9.602 milliún; toradh €10.852 milliún*

Aistríodh maoiniú ó fho-mhírchinn eile, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun dul i ngleic le brú a tháinig chun cinn faoin bhfo-mhírcheann seo mar gheall ar thionchar Covid-19 ar fhoinsí ioncaim neamh-Státchiste, go háirithe ioncam díbhinne réamh-mheasta nár réadaíodh.

**C.8 Údarás na Gaeltachta – deontais do thionscadail agus do chaiteachas caipitil ar áitribh**

*Soláthar meastacháin €18 milliún; toradh €13.275 milliún*

Sábháladh €4.725 milliún, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin, mar gheall ar thionchar Covid-19 ar dhul chun cinn an chláir oibreacha caipitil. Tugadh €2.225 milliún den mhaoiniú seo ar aghaidh chuig 2021.

**C.9 An Foras Teanga**

*Soláthar meastacháin €13.383 milliún; toradh €12.585 milliún*

Sábháladh €798,000, i gcomparáid leis an soláthar meastacháin toisc gur chaith na gníomhaireachtaí ábhartha níos lú ná mar a bhí beartaithe mar gheall ar thionchar Covid-19 ar obair agus ar chláir a bhí beartaithe agus toisc go raibh luainiú rátaí malairte ann ag deireadh na bliana.

**C.10 An straitéis 20 bliain don Ghaeilge 2010–2030**

*Soláthar meastacháin €3.7 milliún; toradh €2.819 milliún*

Sábháladh €881,000 i gcomparáid leis an soláthar meastacháin mar gheall ar an dul chun cinn ar na pleananna teanga a bheith níos moille ná mar a bhíothas ag súil leis mar thoradh ar phaindéim Covid-19 go pointe áirithe.

## Clár D Spórt agus Seirbhísí Áineasa

| | | | | | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| D.1 | Riarachán – pá | | | 2,123 | 2,419 | — |
| D.2 | Riarachán – neamhphá | | | 540 | 344 | — |
| D.3 | Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 27,935 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 12,000 | | | |
| | | | | 39,935 | 26,171 | — |
| D.4 | Deontais le haghaidh linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú | | | | | |
| | | *Soláthar meastacháin* | 2,100 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 2,600 | | | |
| | | | | 4,700 | — | — |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | | | 162,457 | 163,054 | — |
| D.6 | Maoiniú ó chiste na gcuntas díomhaoin do bhearta spóirt | | | 8,000 | 7,975 | — |
| D.7 | Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála | | | | | — |
| | | *Soláthar meastacháin* | 9,500 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 8,800 | | | |
| | | | | 18,300 | — | — |
| D.8 | Mór-imeachtaí | | | 4,400 | 3,200 | — |
| | | | | **240,455** | **203,163** | **—** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár D €37.292 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €100,000 níos airde ná mar a bhí beartaithe ar dtús. Tharla iarmhéid na difríochta €37.392 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha:

**D.3 Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta)**

*Soláthar meastacháin €39.935 milliún; toradh €26.171 milliún*

Braitheann íostarraingt na ndeontas faoi na babhtaí éagsúla den Chlár Caipitil agus Trealaimh Spóirt ar an éileamh atá ann. Bhí moilliú ar ghníomhaíochtaí tógála, gníomhaíochtaí a bhain le tionscadail spóirt san áireamh, sa bhliain 2020 mar gheall ar thionchar phaindéim Covid-19.

**D.4 Deontais le haghaidh linnte snámha a sholáthar agus a athchóiriú**

*Soláthar meastacháin €4.7 milliún toradh €nialas*

Ní raibh aon chaiteachas faoin bhfo-mhírcheann seo in 2020 toisc nach raibh an deontaí i dtionscadal suntasach amháin in ann an deontas €3.8 milliún a íostarraingt toisc nár comhlíonadh ceanglais dhlíthiúla an deontais go fóill, cé go bhfuil an tionscadal á thógáil faoi láthair.

**D.7 Ciste bonneagair spóirt ar mhórscála**

*Soláthar meastacháin €18.3 milliún; toradh €nialas*

Fógraíodh na chéad deontais faoin gciste nua bonneagair spóirt ar mhórscála i dtús na bliana 2020. Bhí tionchar ag paindéim Covid-19 ar dhul chun cinn na scéime sin agus ní raibh aon tionscadail forbartha go leor chun maoiniú a íostarraingt in 2020.

**D.8 Mór-imeachtaí**

*Soláthar meastacháin €4.4 milliún; toradh €3.2 milliún*

Baineann an tsuim €1.2 milliún nár caitheadh le deontais a bhí le híoc as imeachtaí a cuireadh ar ceal mar gheall ar phaindéim Covid-19.

## Clár E Craolachán

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| E.1 | Riarachán – pá | 745 | 1,464 | — |
| E.2 | Riarachán – neamhphá | 397 | 466 | — |
| E.3 | Deontas do Raidió Teilifís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin | 208,622 | 197,645 | — |
| E.4 | Íocaíocht le An Post as ucht táillí ceadúnais craolacháin a bhailiú. | 12,457 | 10,030 | — |
| E.5 | Deontas i leith Theilifís na Gaeilge | 37,233 | 39,133 | — |
| E.6 | An Ciste Craolacháin | 18,051 | 21,777 | — |
| E.7 | Speictream RTÉ | 1,000 | 512 | |
| | | **278,505** | **271,027** | **—** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos sa mhír seo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i gcaiteachas an chláir (+/- 5% agus €100,000). Tríd is tríd, bhí an caiteachas a bhain le Clár E €7.478 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh ar dtús. Bhí caiteachas riaracháin €788,000 níos airde ná mar a soláthraíodh ar dtús. Tharla iarmhéid na difríochta €8.266 milliún mar gheall ar na rudaí seo a leanas, go príomha.

**E.3 Deontas do Raidió Telefís Éireann maidir le táillí ceadúnais craolacháin**

*Soláthar meastacháin €208.622 milliún; toradh €197.645 milliún*

Braitheann fáltais Táillí Ceadúnais Craolacháin ar leibhéal díolacháin na gceadúnas teilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí agus, mar gheall air sin, tá sé deacair an leibhéal íocaíochtaí do RTÉ, An Post agus don Chiste Craolacháin a mheas go cruinn. Níor baineadh sprioc díolacháin 2020 amach mar gheall ar thitim i ndíolachán táillí ceadúnais mar thoradh ar Covid-19.

**E.4 Íocaíocht do An Post as ucht táillí ceadúnas craolacháin a bhailiú.**

*Soláthar meastacháin €12.457 milliún; toradh €10.030 milliún*

Gearrann An Post coimisiún ar scála aistritheach ag brath ar leibhéal díolacháin na dtáillí ceadúnais. Níor baineadh an sprioc díolacháin amach mar gheall ar thionchar Covid-19.

**E.5 Deontas i leith Theilifís na Gaeilge**

*Soláthar meastacháin €37.233 milliún; toradh €39.133 milliún*

Aistríodh maoiniú ó fho-mhírchinn eile, le cead ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun tacú le níos mó clár mar fhreagairt do Covid-19, lena n-áirítear Cúla4 ar Scoil, Lockdown le Hector agus Fleadh 2020.

**E.6 An Ciste Craolacháin**

*Soláthar meastacháin €18.051 milliún; toradh €21.777 milliún*

Cuireadh maoiniú breise ar fáil don Scéim Sound and Vision agus don Chiste Craolacháin chun tacú le níos mó clár a chur ar fáil mar fhreagairt do Covid-19.

**E.7 Speictream RTÉ**

*Soláthar meastacháin €1 mhilliún; toradh €512,000*

Le Cinneadh 2017/899 ó AE, cuireadh iallach ar na ballstáit seirbhísí craolacháin trastíre a aistriú (i.e. Seirbhís DTT Saorview) ó bhanda speictrim 700 MHz (694-790 MHz), sa chaoi is go mbeadh seirbhísí leathanbhanda gan sreang in ann úsáid a bhaint as an speictream sin. Cuireadh córas chun costais a aisghabháil (CRM) ar bun chun ligean don oibritheoir ilphléascach (€2 mhilliún) na costais a tabhaíodh le linn an aistrithe sin a aisghabháil. Níor tabhaíodh na costais a rabhthas ag súil leo sa bhliain 2020 agus, dá bhrí sin, níor íostarraingíodh iad.

# Nóta 4 Fáltais

## 4.1 Leithreasaí-i-gcabhair

| | | 2020 | | 2019 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais phinsin Thurasóireacht Éireann | 300 | 332 | — |
| 2 | An Chartlann Náisiúnta | 40 | 26 | 46 |
| 3 | Fáltais ilghnéitheacha | 326 | 970 | 1326 |
| 4 | Fáltais ó ranníocaíocht bhreise aoisliúntais ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 2,366 | 2,515 | 2,362 |
| 5 | Cistiú ó chiste na gcuntas díomhaoin | 8,000 | 7,974 | — |
| 6 | Fáltais phinsin Spórt Éireann | 134 | 93 | — |
| 7 | Táillí ceadúnas craolacháin | 237,130 | 222,552 | — |
| — | *Cíosanna (lena n-áirítear fáltais ó ligean cearta iascaireachta, etc.)* | — | — | 138 |
| — | *Seirbhísí agus táillí ag páirceanna náisiúnta agus suíomhanna fiadhúlra* | — | — | 1,174 |
| | **Iomlán** | **248,296** | **234,462** | **5,046** |

**Difríochtaí suntasacha**

Déantar cur síos anseo a leanas ar na cúiseanna a raibh difríochtaí suntasacha i gceist i bhfáltais (+/- 5% agus €100,000). Ar an iomlán, bhí na leithreasaí-i-gcabhair €13.834 milliún níos lú ná an meastachán. Tugtar míniú ar dhifríochtaí thíos:

**3 Fáltais ilghnéitheacha**

*Soláthar meastacháin €326,000; réadaithe €970,000*

Bhí difríocht €644,000 ann mar gheall ar fháltais phinsin ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**4 Fáltais ó ranníocaíocht bhreise aoisliúntais ar luach saothair na Seirbhíse Poiblí.**

*Soláthar meastacháin €2.366 milliún; réadaithe €2.515 milliún*

Bhí difríocht €149,000 ann mar gheall ar ranníocaíochtaí aoisliúntais bhreise ó na gníomhaireachtaí a bheith níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis.

**7 Táillí ceadúnais craolacháin**

*Soláthar meastacháin €237.130 milliún; réadaithe €222.552 milliún*

Braitheann fáltais i ndáil le táillí ceadúnais craolacháin ar leibhéal díolacháin ceadúnas theilifíse agus ar an ranníocaíocht a fhaightear ón Roinn Coimirce Sóisialaí. Níor baineadh sprioc díolacháin 2020 amach mar gheall ar thitim i ndíolachán táillí ceadúnais mar thoradh ar Covid-19.

## 4.2 Fáltais bhreise is iníoctha leis an Státchiste

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 17 | 14 |
| Fáltais ó iasachtaí Gaeltachta | 12 | 2 |
| Fáltais ó ghéilleadh deonach tuarastal airí | 19 | 15 |
| Fáltas ó Archives Portal Europe network of Excellence (APEX) | 22 | — |
| A aistríodh chuig an Státchiste | (39) | (14) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **31** | **17** |

# Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

## 5.1 Líon na bhFostaithe

| Coibhéisí lánaimseartha | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| Líon na foirne ag deireadh na bliana | | |
| Roinn | 335 | 660 |
| Gníomhaireachta | 1,320 | 1,116 |
| | **1,655** | **1,776** |

## 5.2 Pá

### Luach saothair fhoireann na Roinne

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 16,197 | 31,009 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 59 | 69 |
| Liúntais eile | 134 | 319 |
| Ragobair | 32 | 430 |
| ÁSPC an Fhostóra | 1,257 | 2,609 |
| **Pá iomlán** [a] | **17,679** | **34,436** |

Nóta [a] Déantar figiúr an phá iomláin a dháileadh ar fho-mhírchinn A.1, B.1, C.1, D.1 agus E.1

### Luach saothair gníomhaireachta [b]

| | 2020<br>€000 | 2019<br>€000 |
|---|---|---|
| Pá | 75,246 | 46,630 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | — | — |
| Liúntais eile | 201 | 918 |
| Ragobair | 229 | 595 |
| ÁSPC an Fhostóra | 3,557 | 4,679 |
| **Pá iomlán** | **79,233** | **52,822** |

Nóta [b] Tá na sonraí maidir le liúntais agus ragobair agus íocaíochtaí a bhaineann le foireann comhlachtaí/gníomhaireachtaí bunaithe go hiomlán ar thuairisceáin a chuir na comhlachtaí/gníomhaireachtaí sin isteach.

## 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2020 | 2019 |
| | | | € | € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgas, dualgas speisialta nó dualgas breise | 57 | 5 | 14,325 | 12,565 |
| Liúntais eile | 159 | 5 | 20,614 | 20,614 |
| Ragobair | 85 | 1 | 11,303 | 16,427 |
| Luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin. | 94 | 2 | 17,245 | 24,053 |

## 5.4 Socruithe luach saothair eile

Rinneadh ceathrar státseirbhíseach a bhí ar scor agus ag fáil pinsean státseirbhíse a fhostú arís ar bhonn táille ar chostas iomlán €39,995. Bhí na híocaíochtaí a rinneadh ag teacht le prionsabail an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012.

Áirítear sa chuntas caiteachas €11,559 i ndáil le hoifigeach amháin a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di agus arbh í an Roinn a d'íoc a thuarastal nó a tuarastal.

Ní áirítear sa chuntas seo caiteachas i ndáil le hochtar oifigeach a bhí ar seirbhís lasmuigh den Roinn ar feadh 2020 ar fad nó cuid di i ranna/oifigí eile Rialtais a d’íoc na hoifigigh sin go díreach.

## 5.5 Ró-íocaíochtaí párolla

| | Líon na bhfaighteoirí | 2020 | 2019 |
|---|---|---|---|
| | | € | € |
| Ró-íocaíochtaí | 19 | 51,787 | 55,665 |
| Pleananna aisghabhála i bhfeidhm | 3 | 1,426 | 21,519 |

Aistríodh dhá phlean aisghabhála déag i gcomhair ró-íocaíocht dháréag ar fiú €7,100 iad chuig na ranna eile le linn na bliana.

## 5.6 Scaoilíocaíochtaí/Iomarcaíocht

Le linn 2020, tugadh íocaíochtaí iomarcaíochta dar luach €6,914 agus scaoilíocaíochtaí dar luach €33,199 le beirt bhall foirne aireachta ar cuireadh deireadh lena bhfostaíocht.

## Nóta 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Costais chúitimh agus dlí

| | Líon na gcásanna | Costais dlí a d'íoc an Roinn | Costais dlí a dámhadh | Cúiteamh a dámhadh | 2020 Iomlán | 2019 Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Éilimh arna ndéanamh ag:** | | | | | | |
| Fostaithe na Roinne | 1 | 1 | — | — | 1 | 44 |
| Daoine den phobal | 2 | 6 | — | — | 6 | 169 |
| | | **7** | **—** | **—** | **7** | **213** |

### 6.2 Maoiniú ón gCrannchur Náisiúnta

| | | 2020 Meastachán | 2020 Toradh | 2019 Toradh |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| **Míniú ar an bhFo-mhírcheann** | | | | |
| B.9 | An Chomhairle Ealaíon (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 105,002 | 105,002 | 75,002 |
| C.4 | Scéimeanna tacaíochta Gaeilge (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 6,217 | 6,492 | 5,148 |
| D.3 | Deontais d'fhorais spóirt agus le haghaidh saoráidí spóirt agus áineasa a sholáthar (páirtmhaonithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 39,935 | 26,171 | — |
| D.5 | Spórt Éireann (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta) | 162,457 | 163,054 | — |
| --- | *Deontas don Chomhairle Oidhreachta (páirtmhaoinithe ag an gCrannchur Náisiúnta)* | — | — | 6,558 |
| | | **313,611** | **300,719** | **86,708** |

Tá liosta iomlán de na deontaithe faoi fho-mhírcheann C.4 agus D.3 le fáil ar láithreán gréasáin na Roinne Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

# Nóta 7 Cuntais Ilghnéitheacha

## 7.1 Íocaíochtaí i leith chostais ghinearálta Mhúsaem Nua-Ealaíne na hÉireann, Leabharlann Chester Beatty, an Cheolárais Náisiúnta agus Ghailearaí Ealaíne Crawford (Fo-mhírcheann B.5)

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Íocaíochtaí** | | |
| Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann | 6,014 | 5,958 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2,837 | 2,801 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 3,562 | 3,048 |
| Gailearaí Ealaíne Crawford, Corcaigh | 1,499 | 1,566 |
| | **13,912** | **13,373** |

## 7.2 Ciste Tiomnachta Crowley

Ghlac an Stát leis an tiomnacht sa bhliain 1997, lena úsáid le dul i mbun tionscadail a raibh sé i gceist leis taifid Oifig an Ard-Rúnaí sa tréimhse 1815–1853 a liostú, a chur ar mhicreascannán agus a fhoilsiú. Is ionann an muirear ar an gciste agus costais chaomhnúcháin agus tuarastail a bhaineann leis an tionscadal.

**Cuntais na bhfáltas agus na n-íocaíochtaí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2020**

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid ag an 1 Eanáir | 156 | 207 |
| Fáltais | — | — |
| Íocaíochtaí | (8) | (51) |
| **Iarmhéid ag an 31 Nollaig** | **148** | **156** |

## 7.3 Ráiteas faoi iasachtaí le haghaidh tithíocht Gaeltachta

Iasachtaí a eisíodh ar mhaithe le tithíocht Gaeltachta faoi Achtanna na dTithe (Gaeltacht), 1929 go 2001, agus aisíocaíochtaí ina leith:

| | 2020 | 2019 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid tosaigh ag an 1 Eanáir | 187 | 184 |
| Ús pionósach bliantúil a fabhraíodh | 4 | 5 |
| Ús a díscríobhadh | (6) | — |
| Aisíocaíochtaí príomhshuime | (5) | (2) |
| Íocaíochtaí úis | (7) | — |
| **Iarmhéid deiridh ag an 31 Nollaig** | **173** | **187** |

## Aguisín A Cuntais na gcomhlachtaí agus na gcistí atá faoi choimirce an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán

Seo a leanas tábla le liosta de na comhlachtaí is na cistí atá faoi choimirce na Roinne agus áit a bhfuil oibleagáid ar an Aire ráitis airgeadais a chur i láthair. Léiríonn sé, ag deireadh mhí an Mhárta 2021, an tréimhse lena mbaineann na ráitis airgeadais iniúchta deireanacha agus cathain a cuireadh i láthair don Oireachtas iad.

| Ciste an chomhlachta/ na Roinne | An tréimhse chuntasaíoch ta dheireanach | Dáta na tuarascála Iniúchóireachta | An dáta a fuair an tAire/ an Roinn é | An dáta a cuireadh i láthair don Oireachtas é |
|---|---|---|---|---|
| Músaem Nua-Ealaíne na hÉireann | 2019 | 26/06/2020 | 02/09/2020 | 06/01/2021 |
| Leabharlann Chester Beatty | 2019 | 17/06/2020 | 11/09/2020 | 24/11/2020 |
| An Ceoláras Náisiúnta | 2019 | 04/06/2020 | 12/06/2020 | 20/11/2020 |
| Gailearaí Ealaíne Crawford | 2019 | 05/10/2020 | 15/10/2020 | 11/02/2021 |
| An Chomhairle Ealaíon | 2019 | 29/06/2020 | 31/07/2020 | 15/12/2020 |
| Ard-Mhúsaem na hÉireann | 2019 | 29/10/2020 | 21/01/2021 | 21/04/2021 |
| Leabharlann Náisiúnta na hÉireann | 2019 | 30/09/2020 | 10/12/2020 | 03/03/2021 |
| Fís Éireann | 2019 | 10/12/2020 | 14/01/2021 | 31/03/2021 |
| Gailearaí Náisiúnta na hÉireann | 2019 | 10/12/2020 | 04/01/2021 | 01/06/2021 |
| Údarás na Gaeltachta | 2019 | 15/10/2020 | 25/02/2021 | — |
| An Foras Teanga | 2018 | 11/12/2019 | 16/06/2020 | 01/03/2021 |
| An Coimisinéir Teanga | 2019 | 15/12/2020 | 18/12/2020 | 11/03/2021 |
| Fáilte Éireann | 2019 | 31/07/2020 | 16/12/2020 | 23/12/2020 |
| Spórt Éireann | 2019 | 22/12/2020 | 07/01/2021 | 24/03/2021 |
| Turasóireacht Éireann | 2019 | 17/11/2020 | 15/12/2020 | 23/12/2020 |
| Údarás Craolacháin na hÉireann | 2019 | 29/10/2020 | 17/12/2020 | 23/12/2020 |
| Radio Telefís Éireann | 2019 | 23/07/2020 | 17/12/2020 | 23/12/2020 |
| Teilifís na Gaeilge | 2019 | 03/07/2020 | 17/12/2020 | 23/12/2020 |